An Oifig Náisiúnta
Imdhíonta HSE National
Immunisation Office
www.immunisation.ie
www.hpv.ie

NIO.21.05.14.01

Meán Fómhair 2024

**Maidir le: An clár vacsaínithe scoile i gcomhair daltaí na chéad bliana sa mheánscoil**

A Thuismitheoir nó A Chaomhnóir, a chara,

Sa phacáiste seo gheobhaidh tú eolas faoi vacsaínithe scoile do pháiste.

Déan deimhin go léann tú an t-eolas, go líonann tú isteach an fhoirm toilithe agus go seolann tú ar ais í sa chlúdach atá curtha ar fáil.

**Na vacsaínithe a gheobhaidh do pháiste**

Beidh foireann vacsaínithe scoile FSS ag dul chuig scoileanna i rith na scoilbhliana chun na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- An vacsaín **HPV** (papalómaivíreas daonna) a thugann cosaint ar ailsí
- An vacsaín **Tdap**, a thugann cosaint ar theiteanas, ar dhiftéire agus ar an triuch (Pertussis)
- Vacsaín **MenACWY** (Meiningeacocúil) a thugann cosaint ar chineálacha meiningeacocúla A, C, W agus Y, arbh fhéidir leo bheith ina gcúis le meiningíteas agus seipticéime.

**An méid dáileog gur gá le do pháiste a fháil**

Ní mór do do pháiste teanndáileog amháin de Tdap, dáileog amháin de MenACWY agus don chuid is mó de dhaoine dáileog amháin den vacsaín HPV a fháil (má tá córas imdhíonachta lag ag do pháiste beidh 3 dháileog den vacsaín HPV ag teastáil uathu).
Tabhair cuairt ar www.hpv.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Tabharfar na trí vacsaín ar an lá céanna, tabharfaidh an vacsaíneoir dhá instealladh i lámh amháin agus instealladh amháin sa lámh eile.

**Cathain a bheidh an chuairt**

Sa chuid is mó de na ceantair, tarlóidh an chuairt i ndiaidh Eanáir 2025 chun na vacsaíní seo a leanas a thabhairt - HPV, Tdap agus MenACWY.
Beidh a fhios ag an scoil an dáta ar a mbeidh an vacsaíniú le déanamh.

**Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe**

Ar an lá vacsaínithe, cinntigh go ndéanann do pháiste an méid seo a leanas:

- Itheann sé nó sí bricfeasta
- Caitheann sé nó sí barréide scaoilte le muinchillí gearra
- Tugann sé nó sí a c(h)árta taifid imdhíonta/pas imdhíonta leis nó léi chun na scoile, má tá a leithéid aige nó aici.

Má tá aon cheist agat, beidh baill den fhoireann vacsaínithe scoile sásta cabhrú leat. Tá na huimhreacha teagmhála do na foirne vacsaínithe ar fáil ar www.immunisation.ie agus www.hpv.ie, áit a bhfaighidh tú tuilleadh eolais faoin gclár seo freisin.

Is mise le meas,

**An Dr Lucy Jessop**
**Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta, An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**MRCN 424447**